## Cé atá incháilithe le Tráthchoigilteas a bheith acu?

(a) duine atá 18 mbliana d’aois nó níos sine;

(b) duine faoi bhonn 18 mbliana, ach le toiliú scríofa óna dtuismitheoir nó caomhnóir;

(c) le chéile mar Chomhshealbhóirí.

## Uasmhéid agus Íosmhéid Tráthchoda

Is é an t-uasmhéid tráthchoda €1,000 sa mhí cibé más i sealúchas aonair nó comhshealúchas. Éagosúil le táirgí Coigilteas Stáit eile ní mhéadaíonn an t-uasmhéid má chuirtear tuilleadh ainmneacha leis an gcuntas. Is ionann an tráthchuid míosúil íosta agus €25.

## Modhanna íocaíochta le tráthchuid

Is féidir tráthchodanna a dhéanamh tríd an bpost, dochar díreach (ar nó tar éis an 20ú lá de gach mí), nó trí shocrú le d’fhostóir faoi Grúpscéim Coigiltis (Beidh foirmeacha iarratais ag an Rúnaí Grúpa i d’ionad oibre). Féach na Téarmaí agus Coinníollacha chun tuilleadh sonraí a fháil i ndáil le Grúpscéimeanna.

Ceadaíonn an fhoirm iarratais faoi iamh duit do mhodh íocaíochta roghnaithe a roghnú.

## Sochar Linbh

Má íoctar do shochar linbh míosúil go díreach isteach i do chuntas baic féadfaidh tú socrú a dhéanamh go n-íocfaí é isteach i gcuntas Tráthchoigiltis tríd an bhfoirm um Shainordú Dochair Dírigh faoi iamh a chomhlánú.

Sin nó, féadfaidh tú socrú a dhéanamh go n-íocfaidh an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí do Shochar Linbh míosúil go díreach i do chuntas Tráthchoigiltis. I gcomhair sonraí teagmhála féach leathanach 6.

Coimeádann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) a ceart chun na Téarmaí agus Coinníollacha a athrú ó am go ham (lena n-áirítear rátaí toraidh) a bhaineann lena táirgí. Is é an ráta toraidh a bhaineann le lóisteálacha le Tráthchoigiltis an ráta infheidhmithe ag dáta an chéad tráthchoda i ngach timthriall 12 mhí tráthchodanna – feic Tréimhse Ranníocaíochta ar leathanach 3.
Eiseofar Ráiteas Cuntais Bliantúil chugat ach féadfaidh tú Ráiteas a iarradh ag aon am.



Ireland State Savings
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

### Is iad táirgí Coigilteas Stáit:

| | | Táirgí Coigilteas Stáit |
|---|---|---|
| Toradh Iomlán[1] | AER[2] | RÁTA SEASTA, TÉARMA SEASTA |
| 4.00% | 1.32% | **Bannaí Coigiltis**[3] 3 bliana |
| 9.00% | 1.74% | **Cairteacha Coigiltis**[3] 5 bliana |
| 22.00% | 2.01% | **Banna Dlúthpháirtíochta Náisiúnta**[3] 10 mbliana |
| 10.00% | 1.75% | **Tráthchoigiltis**[3,4] 6 bliana (I GCOMHAIR SOCHAR LINBH FREISIN) |
| | | RÁTA ATHRAITHEACH[7] |
| 0.75% | | **Cuntas Taisce**[5] |
| 1.00% | | **Duaisbhannaí**[6] |

*1 Rátaí éifeachtach ón 1 Deireadh Fómhair 2023.*

*2 AER = “Ráta Coibhéiseach Bliantúil”.*

*3 Níl sé faoi réir cáin in Éirinn ach feic Coinníoll 4 Cánachas sna Coinníollacha ar leith.*

*4 Coigil in 12 thráthchuid agus fág ar feadh 5 bliana.*

*5 Faoi réir DIRT (Cáin Choinneála ar Ús Taisce) ag an ráta tráthúil.*

*6 Duaisbhannaí – is é 1.00% an ráta athraitheach a úsáidtear chun an duaischiste a ríomh. Bíonn 12 dhuais €500,000 ann in aghaidh na bliana agus na mílte duais sheachtainiúil. Ní íoctar aon ús le sealbhóirí Duaisbhanna. Ina ionad sin, íoctar ús isteach sa duaischiste míosúil, le seachadadh ar na buaiteoirí sa tarraingt sheachtainiúil.*

*7 Is é is ciall le Ráta Athraitheach gur féidir leis an NTMA an ráta úis a íoctar ar an táirge seo a athrú ó am go ham. Cuirfear na hathruithe sin in iúl ar cheann de na bealaí seo a leanas ar a laghad: foilsiú i nuachtán náisiúnta, foilsiú ar StateSavings.ie nó fógra ar aon bhealach eile.*

Liostaítear Bróisiúir agus Foirmeacha Iarratais do Tháirgí Coigilteas Stáit thuas agus tá siad ar fáil in aon Oifig Phoist nó ar líne ag StateSavings.ie agus tá táirgí Coigilteas Stáit faoi réir Théarmaí agus Coinníollacha agus an reachtaíocht ábhartha. Tá ár leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha le fáil ar líne agus in Oifigí Poist.

**I gcomhair tuilleadh eolais ar Coigilteas Stáit**
**Gréasán:** StateSavings.ie
**Teileafón:** 0818 20 50 60 / 01 705 7200
**Ríomhphost:** Service@StateSavings.ie
**Tabhair cuairt ar:** Aon Oifig Phoist
**Post chuig:** Coigilteas Stáit, GPO, Saorphost, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

E00166310 - BR4 1023

Bróisiúr NTMA 4
1 Deireadh Fómhair 2023



Ireland State Savings
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

# Bróisiúr agus Foirm Iarratais

## Tráthchoigilteas



an post

Is gníomhairí iad An Post agus Cuideachta na nDuaisbhannaí de chuid Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Bróisiúr NTMA 4
1 Deireadh Fómhair 2023

## Cad is Coigilteas Stáit ann?

- Tá Coigilteas Stáit mar chuid d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann atá á bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA).
- Nuair a chuireann tú airgead isteach in Coigilteas Stáit tá airgead á chur agat díreach chuig Rialtas na hÉireann.
- Is dualgas díreach, gan choinníoll de chuid Rialtas na hÉireann atá in aisíocaíocht airgead Coigilteas Stáit ar fad.
- Áirítear le haisíoc do chuid airgid an phríomhshuim íocaíochtaí úis agus bónais más dlite.

## Cén chaoi gur féidir liom Táirgí Coigilteas Stáit a cheannach?

- Buail isteach in aon Oifig Phoist
- Ar líne ag **StateSavings.ie**

Tá an réimse iomlán de tháirgí Coigilteas Stáit le fáil ar ár suíomh gréasáin **StateSavings.ie**

**1. Custaiméirí Reatha**
Féadfaidh custaiméirí Coigilteas Stáit reatha a bhfuil an fhianaise aitheantais riachtanach againn dóibh cheana féin ceannach ar líne, tríd an bpost nó ag aon Oifig Phoist.

**2. Custaiméirí nua nó daoine nár cheannaigh ó Dheireadh Fómhair 2014**
a. Tabhair cóipeanna Bunaidh nó Deimhnithe díobh seo a leanas:
- Cruthúnas ar ainm (Pas nó Ceadúnas Tiomána AE reatha).
- Cruthúnas ar sheoladh a eisíodh le sé mhí anuas (Bille Tí, Ráiteas Bainc, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim).
- Cruthúnas ar UPSP (Cárta Seirbhíse Poiblí, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó DEASP).

b. Foirm Iarratais Comhlánaithe.
c. Tabhair an cháipéisíocht ar fad chuig d'Oifig Phoist áitiúil nó seol ar aghaidh chuig an seoladh ar leathanach 6.
d. I gcomhair Comhiarratais, ní mór don bheirt chustaiméirí freastal ar an Oifig Phoist chun Aitheantas a Dheimhniú.

**Coigilteas Stáit ar Líne**
Ceadaíonn Coigilteas Stáit ar Líne duit do shealúchais a amharc agus a bhainistiú cibé áit ina bhfuil tú. Íoslódáil ráiteas, amharc do dhuaiseanna le Duaisbhannaí, ceannaigh táirgí Téarma Seasta Coigilteas Stáit agus Duaisbhannaí, amharc d'idirbhearta, iarr aisíocaíocht chuig do chuntas bainc (sealúchais aonair), ath-infheistigh i dtáirgí eile Coigilteas Stáit agus tuilleadh. Le clárú, téigh chuig **statesavings.ie/register**.

**Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN)**
Uimhir chustaiméara uathúil is ea an Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN) a shainaithníonn tú agus a chuireann ar do chumas idirbheartaíocht a dhéanamh linn go héasca. D'fhéadfadh do SSCN a bheith priontáilte ar chomhfhreagras a fhaigheann tú uainn. Féach **statesavings.ie/SSCN** i gcomhair tuilleadh sonraí.

**Téarmaí agus Coinníollacha**
Tá Táirgí Coigilteas Stáit faoi réir Uasteorainneacha Sealúchais, Téarmaí agus Coinníollacha eile agus an reachtaíocht ábhartha. Tá ár leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha le fáil ar líne agus in Oifigí Poist.

**Déan Teagmháil Linn**
Déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60, (Luan go hAoine) chun tuilleadh eolais a fháil. Tá sonraí teagmhála breise ar Leathanach 6.



## Tréimhse Ranníocaíochta

Ceadaíonn an táirge Tráthchoigiltis duit méid sheasta airgid a choigilt gach mí ar feadh tréimhse 12 mhí, ar a dtugtar an 'Tréimhse Ranníocaíochta'. Ag deireadh na Tréimhse Ranníocaíochta, tuilleann do choigilteas carntha ús ar feadh 5 bliana. Íocann an táirge seo toradh iomlán 10% faoi láthair (AER 1.75%*).

## Téarma an Táirge

Is ionann téarma an táirge agus 6 bliana ó dháta lóisteála do chéad tráthchuid mhíosúil. Tá sé seo comhdhéanta den chéad Tréimhse Ranníocaíochta 12 mhí ina gcarnann do lóisteálacha míosúla móide an tréimhse 5 bliana ina dtuilltear an t-ús, ar a dtugtar an Tréimhse ina dTuilltear Ús.

## Fuascailt Luath

Is féidir leat éirí as lóisteálacha a dhéanamh i rith na Tréimhse Ranníocaíochta agus/nó do choigilteas a aistarraingt ag am ar bith i rith théarma 6 bliana an táirge. Tá aon aistarraingt den chineál seo faoi réir tréimhse fógra 7 lá agus téarmaí agus coinníollacha an táirge. Cé nach bhfuil aon phionós ann as aistarraingt luath, tá struchtúr leis na híocaíochtaí toraidh ionas go mbeidh tairbhe ag coigilteoirí a choinníonn an táirge ar feadh an téarma iomláin 6 bliana. Dá bhrí sin, beidh do thoradh níos ísle ná an 1.75%* AER a fógraíodh má aistarraingíonn tú do choigilteas roimh dheireadh théarma 6 bliana an táirge. Feic an tábla thíos i gcomhair tuilleadh faisnéise ar struchtúr na n-íocaíochtaí toraidh.

## Toradh

Íocann an táirge Tráthchoigiltis toradh iomlán 10% saor ó cháin (AER 1.75%*) má choinnítear an táirge ar feadh a théarma iomlán 6 bliana. Tá sonraí iomlána an struchtúir íocaíochta leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| | | Tréimhse ina dTuilltear Ús | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | 1** | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| **Toradh Iomlán %** | | 0.0% | 1.50% | 2.50% | 6.00% | 10.00% |
| **Ráta Coibhéiseach Bliantúil – AER** | | 0.0% | 0.60% | 0.71% | 1.30% | 1.75% |
| **Luach Tiontaithe €1,000 ag deireadh na tréimhse** | | €1,000.00 | €1,015.00 | €1,025.00 | €1,060.00 | €1,100.00 |

* Tá an AER 1.75% bunaithe ar ghnáth-théarma 12 mhí – arna ríomh ar an mbunús go n-aistrítear lóisteálacha carntha cothroma i rith na Tréimhse Ranníocaíochta i meántréimhse coinneála leathbhliana móide an tréimhse 5 bliana, a thosaíonn ag deireadh na Tréimhse Ranníocaíochta.



**Ceadaíonn an táirge Tráthchoigiltis duit méid sheasta airgid a choigilt gach mí ar feadh tréimhse 12 mhí, ar a dtugtar an 'Tréimhse Ranníocaíochta'. Ag deireadh na Tréimhse Ranníocaíochta, tuilleann do choigilteas carntha ús ar feadh 5 bliana.

**Tabhair faoi deara:**

(a) Ní íocann an táirge aon ús i rith na Tréimhse Ranníocaíochta. Dá bhrí sin, i gcás go dtarlaíonn an aisíocaíocht laistigh den Tréimhse Ranníocaíochta, ní íocfar aon ús.

(b) Ní íocfar na híocaíochtaí a léirítear do bhlianta na Tréimhse ina dTuilltear Ús ach i gcás go gcoinnítear na coigilteas sa táirge don tréimhse 12 mhí iomlán ábhartha.

(c) I gcás go ndéantar aistarraingtí i rith na tréimhse ábhartha 12 mhí, beidh an t-ús iomlán iníoctha cothrom le toradh (i) an Céatadán d'Ús Carnach Iomlán (Toradh Iomlán) don dáta chothrom lae is déanaí mar a thugtar le fios sa tábla ar an leathanach roimhe seo arna chur i bhfeidhm ar an bPríomhshuim atá á fuascailt agus (ii) méid ríofa ag ráta 0.00% in aghaidh na bliana ar an gcuid den Phríomhshuim atá á fuascailt don líon laethanta (más ann dóibh) ó (agus lena n-áirítear) dáta an chothrom lae is déanaí ón dáta a dtosaíonn an Tréimhse ina dTuilltear Ús chuig dáta na Fuascailte Luath (ach gan é a bheith sa áireamh).

## Sampla d'Fhuascailt Luath

Más ionann Príomh-mhéid Tráthchoigiltis agus €1,000 agus má fhuasclaítear iad ina n-iomláine tar éis 2 bhliain agus 160 lá ó thús na Tréimhse ina dTuilltear Ús, is ionann an tÚs iníoctha: €15 (agus Céatadán d'Ús Carnach Iomlán 1.50% dlite ar an 2ú cothrom lae den dáta ar thosaigh an Tréimhse ina dTuilltear Ús á chur i bhfeidhm); agus €0.00 (agus an ráta bliantúil 0.00% á chur i bhfeidhm ar an 160 lá ón dara chothrom lae den dáta ar thosaigh an Tréimhse ina dTuilltear Ús chuig dáta na Fuascailte Luath (ach gan é a bheith san áireamh), a thabharfaidh Ús iomlán iníoctha €15.00 agus toradh iomlán (Príomh-mhéid agus Ús) €1,015.00. Chun aon amhras a sheachaint, ní thabhófar aon ús i rith na Tréimhse Ranníocaíochta.

## Timthriallacha Coigiltis Nua

### (tar éis an chéad 12 mhí de Thráthchodanna a íoc)

Caithfear le lóisteálacha a dhéantar tar éis na Tréimhse Ranníocaíochta 12 mhí mar thráthchodanna i dtimthriall coigiltis nua. Braithfidh an toradh ar gach timthriall ina dhiaidh sin ar an toradh a bhaineann le táirgí Coigilteas Stáit tráth a dtosaíonn an timthriall/na timthriallacha nua. D'fhéadfadh sé seo bheith níos ísle nó níos airde ná an toradh 10% ar an gcéad timthriall tráthchoigiltis.